Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2023
(OR. en)

11669/23

LIMITE

COLAC 91
POLCOM 159
SERVICES 36
FDI 23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0260 (NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil**
**idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,**
**agus Poblacht na Sile, den pháirt eile**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1), 100(2), Airteagal 207(4), an chéad mhír, agus Airteagal 212, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), Airteagal 218(7) agus Airteagal 218(8), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle[1+], rinneadh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('an Comhaontú'), a shíniú an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. I gcomhréir leis an gCinneadh sin, formheasadh an Ráiteas Comhpháirteach maidir leis na Forálacha maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, agus an Dearbhú Léirmhínitheach Comhpháirteach maidir leis na Forálacha maidir le Cosaint Infheistíochta atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('an Dearbhú Comhpháirteach'), atá araon i gceangal leis an gComhaontú, thar ceann an Aontais.

(2) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

---

1 Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile (IO L, …/…, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/.../…/oj).

\+ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an chinnidh atá i ndoiciméad ST 11665/23 ón gComhairle agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe.

(3) De bhun Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iomchuí an Coimisiún a údarú chun formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais maidir le modhnuithe áirithe ar an gComhaontú atá le glacadh le nós imeachta simplithe de bhun Airteagail 28.20 agus 41.7(14) den Chomhaontú, agus ag comhlacht arna chur ar bun faoin gComhaontú de bhun Airteagal 32.34 agus fomhír (a)(x) d'Airteagal 8.5(1) de.

(4) Ní rud é an Comhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 41.10, lena ndéantar cearta a bhronnadh ná oibleagáidí a fhorchur ar dhaoine, laistigh den Aontas, seachas iad siúd a cruthaíodh idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta phoiblí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile[1+] a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 28.20 den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún aon mhodhnú nó ceartú ar Iarscríbhinní 28-A agus 28-B a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Chun críocha Airteagal 32.34 agus fomhír (a)(x) d'Airteagal 8.5(1) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún aon leasú ar Iarscríbhinn 32-C a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

---

[1] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, …/…, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/.../…/oj.

[+] IO: cuir isteach san fhonóta, le do thoil, tagairt IO d'fhoilsiú an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 11670/23.



PUBLIC

*Airteagal 4*

Chun críocha Airteagal 41.7(14) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a fhormheas thar ceann an Aontais:

(a) aon leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil i bhFíonta in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile[1], arna shíniú an 18 Samhain 2002 ('an Comhaontú Comhlachais'), arna ionchorprú sa Chomhaontú;

(b) aon leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil Biotáillí agus Deochanna Cumhraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais.

*Airteagal 5*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 41.5(1), den Chomhaontú, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl[2].

PUBLIC

1 IO L 352, 30.12.2002, lch. 3.

2 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC